www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2016

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

# Fisic

Aonad Measúnaithe AS 3

*ag measúnú*

Teicnící Praiticiúla

Seisiún 1

AY131

**[AY131]**

**DÉ CÉADAOIN 11 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Tiontaigh go leathanach 2 le haghaidh Treoracha agus Faisnéis bhreise.

| Uimhir Ceiste | Marcanna | Athmharc |
|---|---|---|
| 1 | | |
| 2 | | |
| 3 | | |
| 4 | | |
| 5 | | |
| **Marc Iomlán** | | |

www.xtrapapers.com

## TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Freagair na ceisteanna **uilig** sa leabhrán seo. Ní mór obair gharbh agus áirimh a dhéanamh sa leabhrán seo fosta. Mura n-iarrtar ort é, **ná** cuir síos ar an fhearas **ná** ar ghnáthaimh thurgnamhacha. Inseoidh an Múinteoir/Feitheoir duit an t-ord ina bhfreagróidh tú na ceisteanna.
Caithfear aon uair amháin an chloig ar Roinn A agus 30 nóiméad ar Roinn B.
Tá ceithre thástáil ghearra thurgnamhacha i Roinn A. **Beidh an fearas ar fáil duit ar feadh 13 nóiméad le haghaidh gach ceann de na tástálacha**. Ag deireadh na tréimhse turgnamhaí 13 nóiméad seo beidh 2 nóiméad agat le haistriú go dtí an áit atá leagtha amach don chéad tástáil eile. Is féidir aon am breise roimh an chéad tástáil eile a úsáid le scríbhneoireacht a dhéanamh ar aon rud nach bhfuil comhlánaithe go fóill agat.
Ag deireadh do chuid obair Roinn A inseofar duit dul go dtí an áit atá leagtha amach le haghaidh Roinn B. Tá ceist amháin i Roinn B ina ndéanfaidh tú tacar de thorthaí turgnamhacha a anailísiú.

## FAISNÉIS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 40 an marc iomlán don pháipéar seo.
Tá 20 marc ag dul do Roinn A agus do Roinn B araon.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá cead agat áireamhán leictreonach a úsáid.

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

www.xtrapapers.com

## Roinn A

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1 (a) (i)** Cuir slios díreach an bhloic thrédhearcaigh leathchiorclaigh ar an líne fhada XY i **bhFíor 1.1**. Ba chóir go mbeadh **lár** slios díreach an bhloic ag an phointe mar a ngearrann an líne marcáilte "normal" trí XY. Bíonn slios cuartha an bhloic ina luí faoi **XY** mar atá taispeánta leis an líne daiseanna.

Ar **Fhíor 1.1**, dírigh ga solais feadh na líne atá marcáilte "ga 1". Marcáil suíomh an gha athraonta agus comhlánaigh **Fíor 1.1** tríd an gha athraonta a tharraingt.
Ar **Fhíor 1.1**, marcáil an uillinn idir an ga athraonta agus an normal agus lipéadaigh é '$\alpha$'.

Tomhais an uillinn atá marcáilte θ agus an uillinn atá marcáilte $\alpha$ agus taifead a gcuid luachanna thíos.

$\theta$ = ______________ °


$\alpha$ = ______________ ° [2]

**(ii)** Aimsigh comhéifeacht athraonta, n, an ábhair a bhfuil an bloc trédhearcach déanta as.

n = ______________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |




**Fíor 1.1**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Ar **Fhíor 1.2**, cuir an bloc ar ais go díreach mar a bhí in **(a)(i)**.

Méadaigh uillinn an ionsaithe, θ, sa bhloc go dtí go bhfuil an ga **go díreach** frithchaite go hiomlán go hinmheánach.

Marcáil an suíomh den gha ionsaitheach chomhfhreagrach.

Bain an bloc ar shiúl agus comhlánaigh **Fíor 1.2** tríd an gha ionsaitheach a tharraingt agus an uillinn chriticiúil 'C' a lipéadú.

Tomhais uillinn C agus taifead an luach thíos.

C = ________________ ° [1]

Tugann **Cothromóid 1.1** an gaol idir an uillinn chriticiúil agus an chomhéifeacht athraonta,

$$n \sin C = K \qquad \textbf{Cothromóid 1.1}$$


an áit ar tairiseach ***K***.

**(c)** Aimsigh luach ***K***.

***K*** = ________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |





**Fíor 1.2**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Cuirtear an ciorcad a thaispeántar i **bhFíor 2.1** ar fáil duit. Tá luach na friotaíochta $R_1$ le haimsiú trí thomhais a dhéanamh ar an difríocht poitéinsil trasna theirminéil an tsoláthair chumhachta inathraithe agus trasna an fhriotóra $R_1$ do luachanna difriúla de $R_2$.




**Fíor 2.1**

**(a)** Úsáid an t-óm-mhéadar le friotaíocht na bhfriotóirí lipéadaithe $R_{2a}$, $R_{2b}$ agus $R_{2c}$ a thomhas.
Taifead na luachanna seo i **dTábla 2.1** sa cholún dar teideal $R_2/\Omega$. [1]

**Tábla 2.1**

| Friotóir | $R_2/\Omega$ | $V_s$/V | $V_1$/V | $R_1/\Omega$ |
|---|---|---|---|---|
| $R_{2a}$ | | | | |
| $R_{2b}$ | | | | |
| $R_{2c}$ | | | | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b) (i)** Cuir friotóir $R_{2a}$ isteach sa chiorcad ag suíomh $R_2$ mar atá taispeánta i **bhFíor 2.1**. Coigeartaigh an soláthar cumhachta inathraithe ionas go bhfuil luach idir 4 V agus 5 V ag $V_s$ agus taifead na luachanna do $V_s$ agus $V_1$ i **dTábla 2.1**.

**(ii)** Bain $R_{2a}$ amach agus cuir friotóir $R_{2b}$ isteach ina áit. Coigeartaigh an soláthar cumhachta inathraithe ionas go bhfuil luach idir 7 V agus 8 V ag $V_s$ agus taifead na luachanna úra do $V_s$ agus $V_1$ i **dTábla 2.1**.

**(iii)** Bain $R_{2b}$ amach agus cuir friotóir $R_{2c}$ isteach ina áit. Coigeartaigh an soláthar cumhachta inathraithe ionas go bhfuil luach idir 10 V agus 11 V ag $V_s$ agus taifead na luachanna úra do $V_s$ agus $V_1$ i **dTábla 2.1**.

[2]

**(c)** De réir teoirice, tá an fhriotaíocht anaithnid $R_1$ nasctha leis na hathróga eile trí **Chothromóid 2.1**.

$$R_1 = \frac{V_1 R_2}{V_s - V_1}$$ **Cothromóid 2.1**

**(i)** Úsáid **Cothromóid 2.1** le luach a ríomh do $R_1$ do gach luach de $R_2$ agus taifead na luachanna i **dTábla 2.1**. [1]

**(ii)** Tabhair do thuairim ar iontaofacht na luachanna $R_1$ a fuarthas agus cosain do thuairim.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

3 Sa cheist seo ní mór duit luach a fháil d'fhad na sreinge miotail a bhfuil fáiscín páipéir déanta de agus meastachán a dhéanamh ar na héiginnteachtaí i bhfad agus in achar trasghearrthach na sreinge.

***Dírigh an fáiscín páipéir go cúramach chomh maith agus is féidir.***

**(a)** **(i)** Úsáid rialóir le luach **amháin** a thomhas d'fhad, $L$, an fháiscín dhírithe. Déan meastachán ar an dearbh-éiginnteacht i do luach don fhad, $L$. Taifead do chuid freagraí, leis an aonad chuí, sna spásanna thíos.

$L$ = ____________ ± ____________ [1]

**(ii)** Mínigh cad é mar a fuair tú an luach seo don dearbh-éiginnteacht.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(b)** Úsáid scriúthomhsaire micriméadair le luach **iontaofa** a fháil don trastomhas, $d$.

$d$ = ____________ mm [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(c)** Tá trasghearradh ciorclach ag an tsreang. Sonraíonn **Cothromóid 3.1** an ghaolmhaireacht idir achar, *A*, agus trastomhas, *d*, ciorcail.

$$A = \frac{\pi d^2}{4}$$ **Cothromóid 3.1**


Aimsigh an éiginnteacht chéatadánach, $\%U_A$, sa luach do *A*, agus é tugtha gurb é $\pm 0.01$ mm an dearbh-éiginnteacht in úsáid an scriúthomhsaire micriméadair.

$\%U_A$ = ____________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

4 Déantar niútanmhéadar a cheangal de bhloc adhmaid le sreang, mar atá taispeánta i **bhFíor 4.1**. Is é méid an fhórsa frithchuimilte idir an bloc adhmaid agus an binse an luach ar an niútanmhéadar nuair a tharraingítear an bloc ionas go mbogann sé ar **luas foisteanach**.




**Fíor 4.1**

**(a)** **(i)** Úsáid an meátán barrphanna le mais an bhloic adhmaid a thomhas. Taifead an luach sa chill scáthaithe i **dTábla 4.1**.

**(ii)** Tarraing an bloc adhmaid tuairim is méadar feadh na deisce ar luas foisteanach agus taifead an fórsa frithchuimilte i **dTábla 4.1**. Déan an gnás seo arís go dtí go measann tú go bhfuil na torthaí comhsheasmhach.

**Tábla 4.1**

| Mais iomlán a bogadh/g | Fórsa Frithchuimilte/N | Meánfhórsa frithchuimilte/ N |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Ansin, cuir mais 500 g ar bharr an bhloic adhmaid. Taifead an mhais iomlán i **dTábla 4.1**.

**(iv)** Tarraing an bloc adhmaid a bhfuil an 500 g air tuairim is méadar feadh na deisce agus taifead an fórsa frithchuimilte i **dTábla 4.1**. Déan an gnás arís go dtí go measann tú go bhfuil na torthaí comhsheasmhach.

**(v)** Cuir mais 500 g eile leis agus déan an gnás arís, agus taifead na luachanna i **dTábla 4.1**. [2]

**(b)** Aimsigh an meánfhórsa frithchuimilte do gach mais. Taifead do luachanna fórsa i **dTábla 4.1**. [1]

**(c)** Anseo thíos na trí ghaolmhaireacht fhéideartha idir an fórsa frithchuimilte, $F$, agus mais, $m$, an réad a bogadh,

$F = \beta m^2$ **Cothromóid 4.1**

$F = \beta m$ **Cothromóid 4.2**

$F = \frac{\beta}{m}$ **Cothromóid 4.3**

an áit ar tairiseach $\beta$.

Roghnaigh cé acu gaolmhaireacht is fearr a oireann do na sonraí atá taifeadta agat i **dTábla 4.1** agus cosain do rogha.

Gaolmhaireacht = _______________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

[2]

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

## Roinn B

**5** Bíonn sruth leictreach ag sreabhadh trí shreang chopair mar gheall ar ghluaiseacht leictreon. Is í an ghaolmhaireacht i **gCothromóid 5.1** a thugann meánluas, $v$, na leictreon (ina m s$^{-1}$) ag gluaiseacht i dtreo theirminéal dheimhneach an tsoláthair chumhachta (an luas síbe),

$$v = \frac{1}{5.33 \times 10^{10}\, d^2}$$ **Cothromóid 5.1**

an áit arb é $d$ trastomhas na sreinge copair (ina m).

**(a)** **(i)** Comhlánaigh **Tábla 5.1** trí luas síbe na leictreon a ríomh, ina m s$^{-1}$, do na trastomhais shreinge seo a leanas. Luaigh gach luas síbe go dtí 3 uimhir bhunúsacha.

**Tábla 5.1**

| $d$/mm | $v$/m s$^{-1}$ |
|---|---|
| 0.711 | |
| 0.559 | |
| 0.376 | |
| 0.234 | |
| 0.152 | |

[3]

**(ii)** Is féidir graf **líneach** a tharraingt leis an ghaolmhaireacht idir $v$ agus $d$ a thaispeáint. Luaigh cad é ba chóir a bhreacadh ar gach ais agus an luach uimhriúil don ghrádán maraon lena aonad.

$y$-ais = _______________

$x$-ais = _______________

Grádán = _______________ aonad = _______________

[4]

www.xtrapapers.com


Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc

**(b)** Cuireann **Tábla 5.2** sonraí ar fáil a thaispeánann éagsúlacht luas síbe, *v*, le sruth, $I$, trí shreang d'achar trasghearrthach de $8.82 \times 10^{-7}\,m^2$.

**Tábla 5.2**

| $I$/mA | $v$/μm s$^{-1}$ |
|---|---|
| 193 | 15.8 |
| 378 | 30.8 |
| 429 | 35.9 |
| 547 | 46.6 |
| 639 | 52.6 |

Ar eangach **Fhíor 5.1**, tarraing graf de $I$ (*y*-ais) in aghaidh *v* (*x*-ais).




**Fíor 5.1**

[4]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** **(i)** Aimsigh grádán an ghraif a tarraingíodh i **bhFíor 5.1** agus luaigh an t-aonad ina ndéantar é a thomhas.

Grádán = ________________ aonad = ________________

[4]

Tugann **Cothromóid 5.2** an ghaolmhaireacht idir grádán, *m*, an ghraif i **bhFíor 5.1** agus líon na saorleictreon, *n*, i méadar ciúbach copair,

$m = nAe$ **Cothromóid 5.2**

an áit arb é *A* achar trasghearrthach na sreinge ($8.82 \times 10^{-7}\,\text{m}^2$) agus arb é *e* an lucht leictreonach ($1.60 \times 10^{-19}$ C).

**(ii)** Aimsigh líon na saorleictreon atá ann i méadar ciúbach de chopar.

Líon = ________________ [2]

**(iii)** Aimsigh dlús an chopair, ina $\text{kg}\,\text{m}^{-3}$, má thugann gach adamh saorleictreon amháin, agus má tá mais de 63.6 g ag $6.02 \times 10^{23}$ adamh copair.

Dlús = ________________ $\text{kg}\,\text{m}^{-3}$ [3]

www.xtrapapers.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

209760